

Naomh Bríd agus an Madra Rua



Bhí cáil ar Bhríd as an ngrá a bhí aici d'ainmhithe. Bhí madra rua ina pheata ag Rí Laighean agus bhí a chroí istigh ann. Lá amháin, mharaigh duine d'oibrithe an Rí an madra rua de thimpiste, toisc gur shíl sé gur ainmhí fiáin a bhí ann.

Bhí fearg an domhain ar an Rí agus dhaor sé an t-oibrí chun báis.

D'iarr muintir an oibrí ar Naomh Bríd iarracht a dhéanamh a chur ina luí ar an Rí gan é a mharú. D'imigh Bríd léi le labhairt leis an Rí, agus gan a fhios aici cad a déarfadh sé léi ghuigh sí go bhféadfadh sí an t-oibrí a shábháil ar an mbás.

Agus í ar a bealach, tháinig sí ar madra rua beag cúthail a bhí dá leanúint. Chrom sí síos agus tháinig an madra rud chuici agus léim isteach ina clóca. Labhair Bríd go séimh leis.

Nuair a bhain sí an dún amach, bhí an Rí ar buile go fóill, ach d'éirigh sé níos socra nuair a thóg Bríd an madra rua beag óna clóca.

D'iarr Naomh Bríd ar an Rí beatha an oibrí a ligean leis agus d'fhreagair sé "más féidir leis an madra rua beag seo na cleasanna céanna a dhéanamh is a dhéanadh mo mhadra rua dhil féin, ligfidh mé beatha an oibrí leis."

D'iarr Bríd ar an madra rua beag na cleasanna agus tascanna céanna a dhéanamh agus a dhéanadh seanpheata an Rí. D'iarr sí go ciúin air léim trí fháinní, seasamh ar a dhá chois agus mórán cleasanna aile. Rinne an madra rua iad ar fad, é ag iarraidh Bríd agus an Rí a shásamh.

Bhí ionadh an domhain ar an Rí agus mhaolaigh ar an bhfearg a bhí air. Dúirt sé lena ghardaí an t-oibrí a scaoileadh le dul abhaile chuig a mhuintir.

Bhí Bríd lánsásta leis an toradh ar an gcúairt agus d'imigh sí léi agus an madra rua beag á fhágáil ina diaidh aici leis an Rí.

Ach ainmhí fiáin a bhí sa mhadra rua beag agus níor thaitin sé leis a bheith faoi ghlas sa dún. Nuair a d'imigh an Rí leis ar chúrsaí gnó cúpla lá ina dhiaidh sin, d'éalaigh an madra rua trí dhoras a bhí fágtha ar oscailt.

Nuair a d'fhill an Rí, bhraith sé a pheata uaidh agus chuir sé a lucht coimhdeachta agus a chúnna á lorg. Ach ní fhacthas an madra rua beag fiáin riamh arís.